

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile / School name	Pobalscoil Ghaoth Dobhair
Seoladh na scoile / School address	Na Doirí Beaga Leitir Ceanainn Tír Chonaill
Uimhir rolla / Roll number	91409A

Dáta na Meastóireachta: 11-10-2017



This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	9 – 11/10/2017
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh <ul style="list-style-type: none">• Cruinniú leis an mBord Bainistíochta• Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach• Cruinnithe le príomhbhaill foirne• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Cruinniú le tuismitheoirí• Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí• Breathnú ar theagasc agus foghlaim• Breathnú ar obair na scoláirí• Aiseolas don fhoireann bainistíochta shinsearach, bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Is iarbhunscoil lánGhaelach co-oideachasúil i nGaeltacht Dhún na nGall í Pobalscoil Ghaoth Dobhair. Bunaíodh an scoil i 1973 nuair a cónascadh Ardscoil Mhuire agus an Ghairmscoil. Osclaíodh foirgneamh úr na pobalscoile go hoifigiúil ar an Luinnigh i 1982. Cuireadh cuid mhór seomraí agus áiseanna breise leis an scoil ó shin. Cuirtear gach clár ar fáil ar churaclam na scoile. Tá fás suntasach tagtha ar líon na scoláirí atá ag freastal ann ó 296 i 2011 go dtí 418 sa scoilbhliain reatha 2017/18. Is í an Ghaeilge an ghnáth-theanga chumarsáide agus teagaisc sna ceachtanna.

Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

Cinntí

- Tá cáilíocht na ceannaireachta don fhoghlaim go maith; tá gá le bainistiú acmhainní i leith riachtanais speisialta oideachais agus na socrúithe maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a thabhairt de réir an dea-chleachtais.
- Tá cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta go han-mhaith i mórán réimsí; tá gá le hoiliúint a chur ar fáil don bhord bainistíochta iomlán.
- Tá plean scoile an-mhaith leagtha amach atá faoi réir ag fíis agus treoir na foirne bainistíochta sinsearaí; tugtar léargas maith ann ar scoil Ghaeltachta atá scoláire-lárnach ina cleachtas; tá céimeanna cinnte aitheanta chun oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.
- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa réimse idir go maith agus go han-mhaith i gcás an chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh; bhí scóip chun forbartha ann maidir le ríomhfhoghlaim agus foghlaim ghníomhach, chomhoibríoch a chur chun cinn.
- Tugadh aird an-mhaith ar chur i bhfeidhm na moltaí a bhain le meastóireachtaí roimhe seo.
- Tá an obair ar an bhféinmheastóireacht scoile (FMS) ar ardcháilíocht agus tá ardacmhainn chun feabhais ann.

Moltaí

- Ba cheart athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an soláthar do scoláirí a mbíonn riachtanais speisialta oideachais acu ag teacht le hImlitir 0014/2017 na Roinne.
- Ba cheart na socrúithe agus an polasaí a bhaineann le OCG sna ranganna sinsearacha a athbhreithniú, ag teacht leis an dea-chleachtas mar a leagtar amach in Imilitir 0023/2010 na Roinne.
- B'fhiú do bhaill an bhoird bhainistíochta freastal ar chúrsa oiliúna le chéile agus fochoiste airgeadais a bhunú.

- Ba chóir úsáid níos fairsinge a bhaint as straitéisí foghlama gníomhacha agus as straitéisí measúnaithe chun foghlama (McF), agus dlús a chur leis an bhforbairt ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), ar mhaithe leis na scoláirí a spreagadh níos mó chun freagracht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin.
- B'fhiú fochoiste foirne a bhunú chun cuir chuige éifeachtacha i leith measúnaithe, teagaisc agus foghlama a chur chun cinn sa scoil ar shlí níos córasaí.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHT AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Tá cáilíocht na ceannaireachta ar fhoghlaim agus ar theagasc go maith. Tá gá le bainistiú acmhainní a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais agus na socrúithe a bhaineann le OCG sna ranganna sinsearach a thabhairt de réir an dea-chleachtais.

Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach chun cultúr foghlama a chur chun cinn. Tá ionchais arda acu i gcoitinne do na scoláirí agus treoraíonn siad an fhoireann a dícheall a dhéanamh le torthaí feabhsaithe a bhaint amach. Baintear úsáid as an bhféinmheastóireacht scoile chun teagasc a spreagadh atá mealltach agus dúshlanach, agus chun spéis na scoláirí san fhoghlaim a mhéadú. Sna ceistneoirí a roinneadh ar scoláirí mar chuid den mheastóireacht, mhaígh beagnach gach duine acu gur maith leo dul chuig a gcuid ranganna agus go bhfuil an teagasc go maith sa scoil.

Bíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach feiceálach timpeall na scoile. Tá dáimh ag pobal na scoile lena chéile. Maíonn beagnach gach duine, idir mhúinteoirí, scoláirí agus thuismitheoirí, go bhfuil atmaisféar maith, tacúil, dearfach sa scoil. Tugadh faoi deara le linn na meastóireachta an mheanma ard, an dea-thoil agus an dea-chaidreamh i measc phobal na scoile. Dhearbhaigh na scoláirí uile a d'fhreagair na ceistneoirí go raibh siad bródúil as an scoil.

Is trí Ghaeilge a mhúintear na hábhair ar fad agus cuirtear eochairfhocail agus saintearmaíocht Ghaeilge ar fáil. Ceann de na dúshláin a bhaineann le hoideachas den scoth trí mheán na Gaeilge a dhearbhu sa scoil ná go bhfuil téacsleabhair Bhéarla in úsáid sna seomraí ranga. Mar chúiteamh agus mar thaca leis seo, bíonn ar na múinteoirí mórán oibre a dhéanamh le dréachtú nótaí achomair i nGaeilge. B'fhiú na hacmhainní Gaeilge feabhsaithe atá ar fáil anois a athbhreithniú ar mhaithe le páipéir scrúdaithe Ghaeilge agus téacsleabhair Ghaeilge, a oiread agus is féidir, a bheith in úsáid sna ceachtanna. Dúshlán eile is ea an meascán de Bhéarla agus Gaeilge a labhraítear i measc na scoláirí sna mórphasáistí scoile. B'fhiú don scoil fochoiste, ar a mbeadh ionadaíocht na scoláirí, a bhunú chun teacht ar straitéisí chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn ar fud na scoile.

Tá curaclam fairsing ann agus tá soláthar an-mhaith de chlár agus d'ábhair roghnacha ar fáil. Cuirtear ranganna beaga ar siúl i go leor ábhar, socrú a théann chun leasa na scoláirí, dar leis an scoil. Úsáidtear tromlach de na huaireanta teagaisc a bhaineann go sonrach leis an leithdháileadh um riachtanais speisialta oideachais chun na ranganna beaga seo a chur ar fáil. Níl an socrú seo de réir an dea-chleachtais. De réir Imlitir 0014/27 na Roinne ní féidir na hacmhainní teagaisc breise atá á soláthar faoin tsamhail seo a úsáid don teagasc príomhshrutha ná chun an cóimheas idir scoláirí agus múinteoir i ranganna príomhshrutha a laghdú.

Tá laigí ag baint leis an bpleanáil oideachasúil sa roinn tacaíochta foghlama. Tá pleananna foghlama aonair (PFA) leagtha amach do na scoláirí i roinnt ábhar, ach níl lárphlean tacaíochta oideachasúil ar leith ann do gach aon scoláire mar a bheifí ag súil leis. Roinntear na huaireanta tacaíochta ar aon mhúinteoir déag. Moltar na huaireanta a roinnt ar fhoireann bheag múinteoirí a bhfuil an tairní agus

an oiliúint chuí acu. I measc raon na dtacaíochtaí foghlama atá le moladh, tá teagasc foirne, teagasc i ngrúpaí beaga, teagasc aonair agus measúnú rialta. Is mór an chabhair a thugann na cúntóirí riachtanais speisialta do na scoláirí freisin.

Moltar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an soláthar do scoláirí a mbíonn riachtanais oideachais speisialta acu, agus go gcuirfí córas i bhfeidhm atá de réir dea-chleachtais agus de réir Imlitir 0014/2017 na Roinne.

Clár dea-eagraithe spreagthach is ea an Idirbhliain a roghnaíonn formhór na scoláirí. Le linn na meastóireachta ní raibh ach líon fíorbheag scoláirí ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó faoi Chlár Gairme na hArdteistiméireachta. B'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir féachaint an bhfuil breis scoláirí ann a bhfuil na cláir seo níos oiriúnaí dóibh.

Déantar soláthar an-mhaith don Treoir agus do chúram na scoláirí. Cuirtear eolas cuimsitheach ar fáil faoi roghnú ábhar agus coláistí tríú leibhéal agus breisoideachais, chomh maith leis an saol oibre. Eagraítear cruinnithe seachtainiúla don fhoireann chúraim ina bpléitear fadhbanna scoláirí agus na bealaí atreoraithe cuí.

Cuirtear clár iomlán Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ar fáil do lucht an Teastais Shóisearaigh. Níl na socrúithe iomlán sásúil maidir le OCG a sholáthar do scoláirí sinsearach, mar ní chuirtear modúl ceachtanna ar fáil dóibh ar an tráthchlár chun na cúrsaí sin a phlé. Moltar na socrúithe seo agus an polasaí OCG a athbhreithniú, ag teacht leis an dea-chleachtas a leagtar amach in Imlitir 0023/2010 na Roinne.

Tacaíonn an bhainistíocht shinsearach le deiseanna forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do mhúinteoirí taobh le hionchais i leith ardghnóthachtáil sna scrúduithe teistiméireachta a chur in iúl. Tá an fhreagairt go maith do na cúrsaí breisoiliúna agus forbartha gairmiúla i measc ghrúpa suntasach den fhoireann teagasc. Tá an ról mar mheantóirí a ghabhann leis an gcúrsa Droichead do mhúinteoirí nuacháilithe mar spreagadh leis an bhforbairt ghairmiúil. Bheadh toradh fóna an-dearfach ar an meastóireacht agus ar an bpiarbhreathnú seo ach an obair seo a chur chun cinn tuilleadh, ar mhaithe le dea-chleachtas a roinnt agus a fhorbairt i measc na rannóga ábhair uile.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá bainistiú na heagraíochta go han-mhaith. Bunaíonn an bhainistíocht timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil, agus coinníonn siad í trí chumarsáid éifeachtach. Tá foirgneamh na scoile glan, compordach agus tarraingteach agus baintear an leas is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

Tá deacrachtaí ag an scoil solathár cuí a dhéanamh ar an tráthchlár don Eolaíocht toisc gan ach saotharlann amháin a bheith ann. Tá an Eolaíocht ina chroíábhar sa tsraith shóisearach agus tá trí bhainse den Eolaíocht ar fáil sa tsraith shinsearach. Tá iarratas curtha isteach ag an mbord chuig an Roinn le haghaidh an dara saotharlann, trí sheomra ranga breise agus ionad uathachais.

Tá na háiseanna spóirt agus treallamh TFC ar ardchaighdeán. Tá an scoil le moladh as a cuid áiseanna a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus do choláistí Gaeilge.

Tugtar faoi dhréachtú agus athbhreithniú polasaithe ar shlí chórasach i gcomhar le pobal na scoile. Tá na polasaithe ar fad cothrom le dáta. Leagtar béim ar iompraíocht dhearfach sa chód iompair. Táthar airdeallach ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta.

Chun cuidiú le cúrsaí cumarsáide sa scoil tá breis forbartha á déanamh faoi láthair ar irisleabhar na scoile agus ar an suíomh idirlín; tá dea-chuma ar an obair seo ar fad.

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

Tá ceannaireacht na scoile go han-mhaith i móran réimsí. Leagann ceannairí na scoile fíis threorach agus plean scoile cuimsitheach amach a thugann léargas maith ar scoil Ghaeltachta atá scoláire-lárnach agus a bhfuil mar aidhm aici oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Bhí fianaise láidir ann go bhfuil an ráiteas misin agus físe mar bhonn éifeachtach le hobair na scoile, agus go bhfuil tacaíocht láidir i measc na bpáirtithe leasmhara uile leis na bunaidhmeanna sin. Mhaígh na múinteoirí go gcuirtear bunluachanna na scoile i bhfeidhm go maith i saol laethúil na scoile.

Léiríonn na sonraí rollacháin gur tháinig ardú 40% ar líon na scoláirí le sé bliana anuas. Freastalaíonn an phobalscoil go príomha ar na bunscoileanna i bparóiste Ghaioth Dobhair. Le blianta beaga anuas táthar ag mealladh scoláirí ó bhunscoileanna eile atá lasmuigh d'abhantrach na scoile. Tá beagnach gach scoláire ina chainteoir líofa Gaeilge. Cuirtear cúntóir teanga ar fáil don líon beag scoláirí a bhíonn ar bheagán Gaeilge nuair a thosaíonn siad. Is é an príomhspríoc atá ag an mbord ná a chinntiú go mbainfidh an scoil amach stádas mar scoil Ghaeltachta sármhaith sa scéim aitheantais úr faoin bpolasaí don oideachas Gaeltachta.

Tá an scoil ag freastal ar cheantar atá faoi mhíbhuntáiste; níl stádas DEIS ag an scoil ón mbliain 2008. Feidhmíonn sí faoi phátrúntacht Dheoise Ráth Bhotha agus tá ionadaithe an Easpaig Chaitlicigh agus Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar an mbord. Tá an bord bunaithe mar is cuí. Tá saintaithí ag formhór na mball ar chúrsaí oideachais, tá siad fréamhaithe sa phobal agus tugann siad faoina gcuid oibre go díograiseach. D'fhreastail roinnt ball ar oiliúint dá ról thar na blianta. Moltar go bhfreastalódh baill an bhoird uile ar chúrsa oiliúna le chéile nuair a cheapfar bord nua i mí Lúnasa 2018, sa chaoi is go mbeidh siad in ann feidhmiú níos éifeachtaí fós do ról an bhoird.

Tionóltar cruinnithe boird go rialta agus is trí Ghaeilge a reáchtáiltear iad. Pléitear go leor cúrsaí ann, lena n-áirítear tuairiscí cigireachta, earcú múinteoirí, torthaí scrúduithe agus imeachtaí eile. Mar a d'aithin na baill féin, b'fhiú teagasc agus foghlaim nó féinmheastóireacht scoile a bheith ar gach clár cruinnithe chun cur leis an dul chun cinn. Moltar tuairisc chomhaontaithe ar na cruinnithe a dhréachtú agus a chur faoi bhráid phobal na scoile ar mhaithe le soiléireacht na cumarsáide.

Seoltar miontuairiscí cruinnithe boird, ráiteas airgeadais míosúil, agus cuntas airgeadais bliantúil chuig an Roinn. Faoi láthair níl fochoiste airgeadais ag an mbord. Moltar fochoiste airgeadais a cheapadh ag teacht leis an dea-chleachtas.

Cuireann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach a ról i bhfeidhm go cumasach agus oibríonn siad go rí-mhaith as lámha a chéile. Cuirtear pleananna feabhsúcháin i bhfeidhm ar bhonn scoile uile agus déantar monatóireacht orthu. Spreagann an fhoireann bainistíochta shinsearach pobal na scoile uile. Tugadh fianaise go dtugann siad tacaíocht do mhúinteoirí a mbíonn deacrachtaí acu, go moltar gníomh cuí más gá agus go gcinntíonn siad go ndéantar gníomh.

Sna cruinnithe éagsúla a bhí ag na cigirí le pobal na scoile léiríodh lán-mhuinín as an bhfoireann bainistíochta shinsearach agus ardmheas orthu. Aontaíodh go bhfuil riar agus eagrú na scoile go maith, agus go bhfuil an córas bainistíochta inscoile éifeachtach.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Is iad an spreagadh agus an misniú an rogha stíl cheannaireachta atá ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach agus tá an fhoireann ag freagairt go maith don cheannaireacht seo. Cuireann an fhoireann meánbhainistíochta, triúr príomhoidí cúnata agus seisear múinteoirí dualgas speisialta, go han-mhaith le hobair agus feidhmiú na scoile trí na cúraimí suntasacha atá orthu, mar bhliainmhúinteoirí, comhordaitheoirí cláir agus cúraimí eile. Léiriú ar an dea-atmaisféar comhoibríoch atá i réim is ea líon na gcúraimí suntasacha atá á nglacadh ag múinteoirí eile, agus líon na gceachtanna breise agus imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a eagraíonn siad do na scoláirí.

Tá comhairle na dtuismitheoirí an-ghníomhach. De bhreis ar mhórcáidí scoile a eagrú, bíonn ionchur acu i ndrúchtú polasaithe agus eagraíonn siad cainteanna tairbheacha do thuismitheoirí faoi fhorbairt agus folláine daoine óga.

Tá an scoil le moladh as cinnireacht agus freagracht na scoláirí a chur chun cinn trí chomhairle na mac léinn, agus córas cinnirí agus meantóirí a chur ar bun. Aithnítear cinnireacht na scoláirí i réimse leathan imeachtaí ag bronnadh bliantúil na nduaiseanna agus sna mórphasáistí atá breac le grianghraif dá gcuid gaiscí.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna*.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA

Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimoirí

Bhí cáilíocht an teagaisic agus na foghlama sa réimse idir go maith agus go han-mhaith i gcás an chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhí an líon beag eile de cheachtanna a breathnaíodh sásúil don chuid ba mhó agus measartha i gcás an bheagáin. B'iad na réimsí chun forbartha a bhí comónta i gcás an bheagáin sin de cheachtanna ná caint an mhúinteora a bheith rómhór in uachtar tríd síos agus ról na bhfoghlaimoirí a bheith neamhghníomhach. Chomh maith leis sin ní raibh spriocanna foghlama an cheachta sách soiléir ná difreáilte.

Ar na táscairí comónta luatha a bhain leis na ceachtanna ar fad bhí an tinreamh an-ard, an tús poncúil leis na ranganna agus an dea-atmaisféar a bhí i réim idir na scoláirí agus na múinteoirí agus i measc na scoláirí féin. De bhreis air sin, sa chuid ba mhó ar fad de na ceachtanna, bhíothas dírithe ar spriocanna foghlama a bhí soiléir agus inbhainte amach. Rinneadh réamhfhoghlaim na scoláirí ar an topaic a dhearbhu go maith i dtús ama, agus an fhoghlaim nua don cheacht féin a iniúchadh, a thástáil agus a dhaingniú go héifeachtach. Chuir an cur chuige seo go mór le dea-eispéireas foghlama a dhearbhu do thromlach mór na scoláirí. B'fhiú an cleachtas maidir le réamhfhoghlaim na scoláirí a dheimhniú a leathnú.

Sna ceachtanna ab fhearr bhí féinmhúinín iontu féin mar fhoghlaimoirí le sonrú ar ról gníomhach na scoláirí. Thug na múinteoirí spreagadh agus saoirse dóibh páirt iomlán a ghlacadh sa phlé a bhí dírithe ar na spriocanna foghlama a bhaint amach, bíodh sin sa phlé sa rang nó san fhoghlaim chomhoibríoch, mar a bhí ar fáil dóibh ag amanna éagsúla ag obair ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí dóibh. Bhí dea-thionchar feiceálach ag an éagsúlacht seo ar eispéireas na foghlama agus ar an mbeocht a bhain leis an gceacht. Ba mhór idir eispéireas na foghlama ag na scoláirí sna ceachtanna seo de thairbhe straitéisí foghlama gníomhacha agus eispéireas na foghlama i mionlach de cheachtanna a bhí faoi réir ag cur chuige a bhí ró-theagascach.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí cur chuige comhsheasmhach maith sna ceachtanna ar fad maidir le díriú ar eochairfhocail riachtanacha don topaic idir lámha, ag teacht le fócas scoile uile ar an litearthacht. I gcásanna áirithe cinntíodh tuiscint na scoláirí ar eochairfhocail a tugadh roimhe le tástáil ghairid scríofa ag am tráthúil sa cheacht; bhí an cleachtas seo éifeachtach.

Chonacthas straitéisí maidir le measúnú chun foghlama (McF) in úsáid i mórán ceachtanna agus in úsáid go han-mhaith sna ceachtanna ab éifeachtaí. Chuir roinnt múinteoirí casadh maith ar an straitéis soilse tráchta a bhí cuí don aoisghrúpa chun tuiscint scoláirí sinsearacha ar thopaicí éagsúla a thomhas go tapa faoi rún agus iad ag fágáil an tseomra ranga ag deireadh an cheachta. Léirigh freagairt na scoláirí an gá a bhí le fillleadh ar thopaicí áirithe. Moltar straitéisí mar seo de rogha ar cheisteanna dúnta.

Mar chuid den phróiseas chun cuidiú leis na scoláirí féinmheastóireacht a dhéanamh orthu féin mar fhoghlaimoirí neamhspleácha iarradh orthu nóta gairid a bhreacadh faoi dhá rud a thaitin leo faoin bhfoghlaim agus gné eile a lua a raibh gá acu le forbairt a dhéanamh air. Ina theannta sin bhí nótaí tráchta an mhúinteora ar obair scríofa na scoláirí an-chuiditheach maidir le treoir chun feabhas a chur ar cháilíocht na hoibre sin. Bhí cur i bhfeidhm na straitéisí seo ar fheabhas. Bhí na cuir chuige seo in easnamh ar cheachtanna eile áfach. B'fhiú na straitéisí McF a raibh an rath orthu a leathnú mar chleachtas.

Gné atá i mbéal forbartha sa scoil is ea cur le hacmhainn na múinteoirí chun an TFC a chur chun leasa na foghlama sa seomra ranga. Ba mhór idir cumas agus compord na múinteoirí in úsáid acmhainní TFC. Dá chomhartha sin bhain éagsúlacht mhór leis an bhfiúntas a bhain le TFC sna ceachtanna. I gcásanna áirithe chuir an TFC go mór leis an bhfoghlaim. I gcásanna eile áfach, níor chuir an barraíocht téacs a bhí ar taispeáint ar shleamhnáin le fiosracht ná samhlaíocht na scoláirí a spreagadh. Tá ardán ríomhfhoghlama agus meastóireachta in úsáid ag líon beag múinteoirí. B'fhiú dlús a chur leis an bhforbairt ar TFC mar uirlis teagaisc agus foghlama agus plean don fhoghlaim dhigiteach a bheartú mar chuid den fhéinmheastóireacht scoile.

Bhí aird chuí ar na scrúduithe teistiméireachta le sonrú ar mhórán ceachtanna. Tá leibhéal an-ard de thaithí i measc na foirne teagaisc mar scrúdaitheoirí cúnta agus comhairleoirí sna scrúduithe teistiméireachta. Is léir go dtéann an stór seo de thaithí chun leasa na scoláirí. Bhí mionanailís fhiúntach ar ghnóthachtáil na scoláirí le sonrú san obair phleanála a bhí ar siúl ag roinnt mhaith de na rannóga ábhair. Bhí na pleananna ábhair ar ardcháilíocht.

3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE SEO

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Tá aird an-mhaith tugtha ar mholtaí a bhain leis an mbainistíocht sna cigireachtaí ábhair a rinneadh roimhe seo ar Ghaeilge, Béarla, Mata agus Treoir. Maidir le Béarla cuireadh na moltaí i bhfeidhm maidir leis an tráthchlár agus ranganna cumais mheasctha a chruthú sa tsraith shóisearach.

Teagasc agus Foghlaim

Tá aird an-mhaith tugtha ar mholtaí a bhain le teagasc agus foghlaim. Maidir le Mata agus Béarla tá ionchais níos airde ann i ndáil le foghlaim agus tá feabhas mór tagtha ar rátaí rannpháirtíochta agus gnóthachtála na scoláirí sna scrúduithe ardleibhéil. Tá na moltaí ar fad maidir leis an nGaeilge agus an Treoir curtha i bhfeidhm ag an scoil.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE (FMS) AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile

Tá an phleanáil straitéiseach go han-mhaith agus tá an próiseas FMS ar ardcháilíocht. Leagtar amach go ginearálta na straitéisí litearthachta agus uimhearthachta sa phlean scoile, sna pleananna ábhair agus pleananna feabhsúcháin; ach tá gá le hanailís níos doimhne ar dhul chun cinn na straitéisí céanna i gcásanna áirithe. Roghnaíonn na múinteoirí trí theicníc McF le cur i bhfeidhm le linn na scoilbhliana. Tá fianaise ann go bhfuil na straitéisí á gcur i bhfeidhm. Faoi láthair is iad an fhoireann bainistíochta shinsearach agus cupla múinteoir atá freagrach as na straitéisí ar fad a stiúradh. B'fhiú fochoiste foirne a bhunú chun cuir chuige éifeachtacha i leith measúnaithe, teagaisc agus foghlama a chur cinn sa scoil ar shlí níos córasaí.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Léiríonn bainistíocht agus foireann na scoile tiomantas agus ardacmhainn leis an bhfeabhsúchán scoile a bhaint amach, agus oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

REPORT

Ainm na scoile / School name	Pobalscoil Ghaoth Dobhair
Seoladh na scoile / School address	Na Doirí Beaga Leitir Ceanainn Tír Chonail
Uimhir rolla / Roll number	91409A

Date of Evaluation: 11-10-2017



The original report is written in Irish. An English translation of the report is provided here.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil anseo.

What is whole-school evaluation – management, leadership and learning?

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
3. Implementation of recommendations from previous evaluations
4. The school's self-evaluation process and capacity for school improvement

Inspectors describe the quality of each of these areas using the Inspectorate's quality continuum which is shown on the final page of this report. The quality continuum provides examples of the language used by inspectors when evaluating and describing the quality of the school's provision in each area.

The board of management of the school was given an opportunity to comment on the findings and recommendations of the report; the board chose to accept the report without response.

WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING

Dates of inspection	9 - 11/10/2017
